

Cód Iompair Choláiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair i 2016/17 chun a chinntiú go bhfuil an cód éifeachtach, cóir agus ag teacht leis an reachtaíocht cuí agus is déanaí.

Scóp

Baineann an polasaí seo le hiompar agus meon cailíní Choláiste Íde faid is atá éide an choláiste á chaitheamh acu, faid is atá siad ag déanamh ionadaíocht ar an gcoláiste agus faid is atá said ag glacadh páirte in aon imeachtaí *istigh agus lasmuigh* den choláiste.

Beifear ag súil le hard chaighdeán iompair a chuirfidh le dea chluí an choláiste.

Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas na scoile

Ta dlúthcheangal idir an cód seo agus éiteas an choláiste mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde ‘sa Ráiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht foghlamtha sábhálta agus eagraithe ar fáil a chabhraíonn le hoideachas an duine ina iomláine chun meas ar a chéile a chothú i measc phobal uile an choláiste.

Is é príomh aidhm an choláiste ná “forbairt an duine ina iomláine”. Is éard is brí leis seo ná, forbairt ar gach gné de shaol an duine – sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeisteiticiúil, fisiciúil, morálta. Tá sé mar aidhm againn na cailíní a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa tsochaí trí chabhrú leo:-

- Iad féin a fhorbairt go hiomlán ó thaobh anama, coirp, mothúcháin agus intleachta, de réir na mbuanna atá acu.
- Meas a bheith acu ortha féin, ar Dhia agus ar dhaoine eile.
- Meas a bheith acu ar an gcultúr Gaelach – tír, teanga agus traidisiún.
- Luachanna cearta a bheith acu mar threoir dá saol
- Dúil sa léann a chothú iontu féin.

- ‘Sé polasaí an choláiste ná leanúint leis an obair oideachasúil a thosnaigh Siúracha na Trócaire agus an fhís agus an fhealsúnacht a thugadar dúinn a leanúint. Déanfar gach iarracht cloí leis an gcaighdeán, na luachanna agus na h-idéil a bhí acu.
- Ní chuirfear cosc ar aon cailín freastal ar an gcoláiste de bharr cúlra, clainne nó cumas acadúil ach amháin i gcás aon cailín a bheadh mar bhagairt ar leas na ndaltaí eile.
- Is meánscoil Chaitliceach lán Ghaelach í Coláiste Íde – ar an ábhar san tá an Chríostaíocht mar bhonn leis an oiliúint a thugtar. Gnáth chuid den chlár is ea paidreoireacht, cúrsaí spioradálta, an t-Aifreann agus na sacraimintí.
- Is coláiste lán Ghaelach í Coláiste Íde. Tabharfar tús áite don Ghaeilge agus don chultúr Ghaelach i ngach gné de shaol an choláiste laistigh agus lasmuigh don seomra ranga. Comhlíonfar chomh fada agus is féidir Alt 9(b) den Acht Oideachais 1998.
- Déanfar gach iarracht spiorad an chomhoibriú, an díograis, an féin smacht agus dearcadh dearfach a fhorbairt maidir le saothar na ndaltaí agus cuirfear béim ar fhiúntas na hoibre.
- Sé an aidhm atá againn ná freastal ar riachtanais na gcailíní uile faoinár gcúram.

*Iarrfar ar gach duine idir dhaltaí agus foireann a bheith dílis do mhanna an choláiste ‘**Glaine ár gcroí**’*

Réasúnacht

Tá gá le leibhéal ard cúirtéise agus tuisceana do phobal uile an choláiste. Cuirfear straitéisí i bhfeidhm chun aitheantas a thabhairt do dhea iompar agus cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i leith iompar atá droch bhéasach, dainséarach agus a chuireann isteach ar dhaoine eile.

Aidhmeanna Chóid Iompair Choláiste Íde

Is é príomh aidhm an chóid ná:-

- Timpeallacht foghlamtha sábháilte a chruthú sa choláiste tri meas ar a chéile a chothú i measc pobal uile an choláiste.
- Nós imeachta éifeachtach a chur i bhfeidhm a chinnteoidh riaradh laethúil an choláiste de réir an reachtaíocht cuí
- Dea iompar agus féin machnamh a chothú
- Go mbeadh ról gníomhach, éifeachtach, cuí ag foireann uile an choláiste i bhfeidhmiú an chóid iompar
- An Cód a phlé le pobal uile an choláiste ina measc tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús na scoil bliana, cailíní, foireann na scoile ag cruinnithe foirne, foireann agus bainistíocht an choláiste agus na buntáistí a mhíniú
- Béim a chur ar fhorbairt dea-iompar agus é d'aithint
- Léiriú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáidfeadh chun aitheantas a thabhairt do dhea iompar agus na luachanna saothair a ghabhann leis, agus conas droch iompar a laghdú agus a sheachaint
- Léiriú a dhéanamh ar an idirbheartaíocht a úsáidfeadh de bharr mí-iompar rialta.

Rialacha agus treoracha an choláiste

Tá na rialacha inghlactha agus cothrom agus tacaíonn An Bord Stiúrthóirí, An Bord Bainistíochta, an fhoireann, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí leo

Éilítear ar gach cailín:

- Dílseacht a thaispeáint do mhana an Choláiste '**Glaine ár gcroí**'
- Gaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide agus foghlamtha laistigh agus lasmuigh den choláiste i gcónaí.
- Dea-iompar a chleachtadh agus dea bhéasaí a úsáid i gcónaí.
- A bheith freagrach as a riachtanaisí pearsanta féin - airgead san áireamh.

Meas uirthi féin, ar fhoireann an choláiste agus a comhscoláirí a léiriú tré:

- Treoracha múinteoirí agus feitheoirí agus ceannairí a leanúint i gcónaí.
- A bheith cineálta, macánta agus dearfach

- A riachtanaisí scoile agus staidéir a bheith aici.
- Tráthchlár an choláiste a leanúint
- Obair bhaile agus staidéar a dhéanamh i slí sásúil de réir an pholasaí obair bhaile
- Éide scoile agus éide spóirt a bheith néata. Beifear ag súil go gcaithfidh gach dalta an éide scoile le bród agus le háthas agus déanfar cigireacht ar an éide go rialta.
 1. Sciorta scoile a théann go dtí na glúine, le fáithim agus líneáil néata
 2. Geansaí scoile le cruth maith
 3. Blús scoile néata
 4. Riteoga dubha níolóin
 5. Bróga dubha láidir sábháilte le sála íseal agus le lása dubha amháin (*Níl bróga reatha ceadaithe ach do ranganna corpoideachas. Níl canbhás nó “pumps” ceadaithe le linn am scoile*)
 6. Gan smideadh, dath bréige nó vearnais iongan a chaitheamh
 7. Gan seodra a chaitheamh ach amháin uaireadóir agus fainne simplí.
 8. Tá seodra polltach ceadaithe ar **liopa na cluaise** amháin agus is péire beag discréideach studa amháin atá ceadaithe
 9. Socraigh an gruaig in oiriúint dos na ranganna/staidéar
- Poncúlacht a chleachtadh tríd an gclog a fhreagairt ar an bpointe
- Siúl ar dheis ins na pasáistí i gcónaí
- Ná hith ins na ranganna ná an staidéar.
- Tá guma coganta coiscithe go hiomlán i ngach áit sa choláiste.
- Féach chuige go gcoimeádtar gach áit glan, néata agus i dtreo i gcónaí. Tá tú freagrach as d’áit féin a chóiméad i dtreo.
- Lean treoracha foireann an choláiste maidir le húsáid aon fhearas sa choláiste mar shampla, fearas corpoideachais, fiú nuair nach mbíonn siad i láthair.
- Níl cead cannaí aerasóil a thabhairt isteach sa choláiste riamh.
- Tá dualgas ar gach cailín cloí leis an bpolasaí fón póca agus an bpolasaí líonraith sóisialta
- Tá caitheamh tobac, alcól, agus drugaí coiscithe go tréan pé acu laistigh nó lasmuigh den choláiste i rith na scoil bhliana
- ***Beifear ag súil le tinreamh rialta, ón Luain go dtí an Aoine idir 8:45r.n. go dtí 4:00i.n. gach lá. Beifear ag súil le nóta ó thuismitheoirí /caomhnóirí má bhíonn dalta as láthair. Tá cead scríofa ón thuismitheoir /caomhnóir riachtanach má chaitheann dalta an scoil a fhágaint go luath***

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta agus an Bord Stiúrthóirí/Iontaobhaithe freagrach as an bpolasaí a dhearbhu, agus tá foireann uile an choláiste freagrach as an bpolasaí a chur i bhfeidhm go laethúil

Cailíní

Beifear ag súil go seasóidh gach cailín le cód iompair an choláiste, agus beifear á shíniú ag tús gach scoil bhliain

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Aithníonn an coláiste tábhacht ról na dtuismitheoirí/caomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an chóid iompair. Beifear ag súil go dtabharfaidh siad féin tacaíocht dearfach agus go spreagfaidh siad a n-iníonacha chun cloí leis an gcód iompair.

Beifear ag súil go dtabharfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí aon eolas cuí/ tábhachtach d'údaráis an choláiste san agallamh, agus iad a chóiméad ar an eolas ar bhonn leanúnach

Múinteoirí/Feitheoirí

Aithníonn an coláiste ról na múinteoirí agus na bhfeitheoirí i bhforbairt agus caomhnú an chóid iompair. Aithníonn an coláiste príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlamtha de. Tá ról lárnach acu agus ag na bhfeitheoirí i mbainistiú iompar na gcailíní agus dea iompar a mhúscailt agus a spreagadh.

Foireann Tacaíochta

Aithníonn an coláiste an ról cúnamh atá ag oibrithe uile an choláiste Tá páirt acu i bhfeidhmiú an chóid iompair. Tá dualgas orthu cuntas a thabhairt ar dhroch agus dea iompar a thugann said fé ndeara.

Bord Bainistíochta

- An Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú thar cheann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an chóid.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Bord Stiúrthóirí

- Is é an Bord Stiúrthóirí a dheineann stiúirí ar Coláiste Íde. Aithníonn an coláiste ról an Bhord Stiúrthóirí i bhforbairt agus feidhmiú an chóid.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

*Cé nach bhfuil an Bord Bainistíochta/Bord Stiúrthóirí gníomhach i riaradh laethúil an choláiste is chucu a théann tuismitheoirí/caomhnóirí agus cailíní atá os cionn 18 bli chun achomharc a dhéanamh i gcásanna fionraíochta agus díbeartha ón choláiste.

Modhanna chun dea iompar a mhúscailt

Spregtar na cailíní sa choláiste ina n-iarrachtaí i bhfeidhmiú an chóid trí na slite seo a leanas.

- (A) Tugtar an cód do thuismitheoirí/caomhnóirí gach cailín ag tús gach scoil bhliain. Iarrtar orthu é a léamh agus é a shíniú chun a dtacaíocht a léiriú. Glactar leis mar sin go dtugann said lán tacaíocht don chód agus go bhfuil said sásta chomh-oibriú leis an gcoláiste chun é a chur i bhfeidhm. Sa tslí seo déantar a chinntiú go dtuigeann daltaí cailíní agus tuismitheoirí /caomhnóirí na rialacha agus na treoracha, an chúis go gcaithfear cloí leo agus cén córas a leanfar muna gcloítear leo.
- (B) Ag tús na scoil bhliana, mar chuid den im threorú, agus ag tús gach téarma déantar an cód a mhíniú dos na cailíní agus cuirtear aon athraithe in iúil dóibh. Déantar é seo chun an cód a mheabhú dóibh, ag cur ‘san áireamh go rabhadar as timpeallacht an coláiste le trí mhí anuas.

(C) Déanfar monatóireacht ar na tuairiscí iompair uair gach 3 seachtaine/mí agus déantar é á phlé leis an gcailín más gá. Má tá 3 thuairisc nó níos mó aici, beidh an múinteoir ranga/príomh feitheoir ag labhairt léi, faoi cén riail a sháraigh sí, cén éifeacht a bhí ag an mbriseadh seo ar phobal an choláiste agus conas is féidir an t-iompar a fheabhsú sa todhchaí.

Déantar é seo chun tuiscint i leith daoine a chothú agus cabhrú leo rialacha a choimeád sa todhchaí.

(D) Déantar plé ar rialacha agus treoracha agus na cúiseanna atá leo mar chuid d'obair thréadach an choláiste agus an tábhacht a bhaineann leo i léith éiteas an choláiste a chaomhnú. Déantar an plé seo sa Rang Teagasc Creidimh, O.S.P.S, tionól, cruinnithe ranga srl. Pléitear tuiscint i leith daoine eile, féin mhachnamh, cothrom na féinne chomh maith.

(E) Pléitear ceisteanna fé thromaíocht, ciníochas, gnéasachas, ciapadh, foréigean, mí-úsáid substaintí leis na cailíní faid is a bhíonn said sa choláiste trí eolas a chur ar fáil agus trí aoi chainteoirí a thabhairt isteach.

Déantar é seo chun cabhrú leis na cailíní a dtuiscint i leith na gcúrsaí seo a fheabhsú, i dtreo is go mbeidh said in ann a smaointe a thuiscint agus a ngníomhartha a bheith bunaithe ar eolas cruinn agus fréamhaithe in éiteas an choláiste

Luachanna saothair

Tugtar aitheantas do dhea iompar sa choláiste tríd na modhanna seo a leanas:

- Focal molta ó mhúinteoir ábhair an chailín/feitheoir
- Focal molta uair sa mhí.
- Ainmneacha a chur ar chlár sa seomra bhídh agus teastas molta má bhíonn pribhléid tuillte acu
- Focal molta ag tionól agus litir molta tar éis 3 theastas molta a bheith bainte amach sa téarma

*Beidh cailín i dteideal pribhléid agus teastas molta muna mbíonn aon tuairisc aici sa choláiste sa tréimhse 3 seachtaine/mí

*Beidh dhá tréimhse sa chóras cód iompair, ceann ó thús na scoil bhliana go dtí an Nollaig agus ceann ó Eanáir go dtí an Samhradh.

*Bainfear pribhléid i gcás eachtra tromchúiseach.

Idirbheartaíocht / Smachtbhannaí

Baintear úsáid as na hidirbheartaíocht seo a leanas chun iompar a fheabhsú

- Céim 1 An cailín a cheartú agus tuairisc a chóiméad faoi. Míniú ar cad a dhein sí mí cheart. Comhairle tugtha ar conas a hiompar a fheabhsú
- Céim 2 Teasc tugtha don dalta más gá
- Céim 3 Labharfaidh an múinteoir ranga/príomh feitheoir leis an gcailín tar éis 3 tuairisc agus cuirfidh sé/sí comhairle uirthi faoi conas is féidir an iompar a fheabhsú
- Céim 4 Tar éis 5 tuairisc labhrann an Príomhoide Tánaisteach agus an Leas Bhainisteoir(coiste smachta 1) leis an gcailín agus tugtar moilliú di. Iarrfar uirthi a mhíniú i scríbhinn m.s: a)cén riail a sháraigh sí, b)cén éifeacht a bhí ag an mbriseadh seo ar phobal an choláiste agus c) conas is féidir an t-iompar a fheabhsú
- Céim 5 Tar éis 8 tuairisc labhrann an Príomhoide agus an Bainisteoir(coiste smachta 2) leis an gcailín agus cuirtear ríomhphost/ glaoch abhaile go dtí tuismitheoirí/caomhnóirí an chailín chun iad a chur ar an eolas agus an t-iompar a mhíniú. Tugtar moilliú don cailín arís
- Céim 6 Muna dtagann aon fheabhas ar a hiompar, agus tar éis 10 tuairisc cuirfear litir ón mBainisteoir agus an bPríomhoide go dtí na tuismitheoirí/caomhnóirí ag rá go bhfuil an cailín i dteideal Conradh Iompair (Buí) ar feadh trí seachtaine.
- Céim 7 Muna dtagann aon fheabhas ar an iompar sa téarma, leanfar na céimeanna thuas agus an dara huair beidh Conradh Iompair (Dearg) ag an gcailín. Iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht go dtí an choláiste chun an droch iompar leanúnach a phlé go mion
- Céim 8 Iompar fé bhráid an Bhoird Bainistíochta/Bord Stiúrthóirí
- Céim 9 Fionraíocht (Príomhoide/Bainisteoir)
- Céim 10 Dfírt (Bord Bainistíochta/Bord Stiúrthóirí)

*Tá sé de cheart achomharc a dhéanamh de réir prionsabal na coire nádúrtha

*Sula bhfillfidh an cailín ar an gcoláiste beidh uirthi féin agus a tuismitheoirí/caomhnóirí rialacha an choláiste a shíniú athuair agus litir a thabhairt d'údaráis an choláiste ag cinntiú nach leanfaidh an droch iompar. Beidh orthu freastal ar cruinniú leis an Bainisteoir agus an Príomhoide sa choláiste chun an cód a shíniú athuair.

*Aon dalta go bhfuil conradh iompar aici ní bheidh sí i dteideal pribhléid an téarma sin

Sárú tromchúiseach an Chóid

Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun cearta gach ball de phobal an choláiste a chur 'san áireamh i gcás go dtarlaíonn eachtraí tromchúiseacha agus go mbeidh fionraíocht nó díbirt i gceist

Seo a leanas samplaí d'eachtraí tromchúiseacha ach ní liosta cuimsitheach é:

loitiméireacht, gadaíocht, mí-úsáid substaintí, damáiste d'aon ghnó, bruíon, iompar gnéasach mí-oiriúnach, nó fíor dhroch iompar mar shampla:- duine a bhualadh, eascainí ar bhall foirne an choláiste nó ag diúltú aon tor a thabhairt air/uirthi ar bhonn leanúnach, tromaíocht leanúnach dáiríre, bheith as láthair gan chead, alcól/tobac a bheith ina seilbh acu, substaintí mí dleathach/trealamh a bhaineann leo, cur isteach ar an gcóras aláram dóiteáin/córas slándála, mí úsáid fón póca/na meáin shóisialta

Déanfar idirdhealú i gcónaí idir mion eachtraí agus eachtraí leanúnacha atá ag cur isteach ar phobal uile an choláiste

Nóta

Sa choláiste seo úsáidfear céimeanna áirithe fé mar atá léirithe 'sna smachtbhannaí chun déileáil le droch iompar. Tá an cód bunaithe ar chéimeanna a tógfar freisin chun dea iompar a chur chun cinn agus chomh maith le droch iompar a bhainistiú Braitheann na céimeanna seo ar cé chomh tromchúiseach is atá an t-eachtra.

'Sé an prionsabal ata i gceist ná gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir mion eachtraí agus eachtraí leanúnacha /tromchúiseacha

Taifead

Úsáidfeadh na tuairiscí seo chun aitheantas a thabhairt do chailíní atá ag cloí le rialacha agus chun comhairle a chur ar dhalta atá ag sárú rialacha agus treoracha. Sa chás nach bhfuil iompar sásúil ag cailín, ní bheidh deis aici páirt a ghlacadh in imeachtaí eis curaclam nó turasanna scoile le linn tréimhse áirithe.

Coimeádfar tuairiscí iompair. Déanfaidh an múinteoir ranga agus príomh feitheoir monatóireacht orthu gach 3 seachtaine/mí agus coimeádfar cuntas faoi. Déanfaidh an Príomhoide Tánaisteach agus Leas Bainisteoir/Bainisteoir comheagar ar na tuairiscí

Tuairisc Iompair

Dalta _____

Dáta _____

Ábhar _____

Múinteoir _____

Áit mí shlachtmhar			
As láthair gan leithscéal	<input type="checkbox"/>	Déanach	<input type="checkbox"/>
Gan leabhar /cóipleabhar / trealamh	<input type="checkbox"/>	Gan obair bhaile	<input type="checkbox"/>
Gan obair sa rang	<input type="checkbox"/>	Dearcadh diúltach	<input type="checkbox"/>
Droch bhéasach	<input type="checkbox"/>	Droch chaint	<input type="checkbox"/>
Ag cur isteach ar an rang	<input type="checkbox"/>	Scríobh nótaí sa rang	<input type="checkbox"/>
Ag caitheamh rudaí	<input type="checkbox"/>	Caint le linn ranga	<input type="checkbox"/>
Ag ithe /cogaint	<input type="checkbox"/>	Obair mí shlachtmhar	<input type="checkbox"/>
Diúltú glacadh le treoracha	<input type="checkbox"/>	Éide scoile mí shlachtmhar	<input type="checkbox"/>

Eile

Smachtbhannaí

Dátaí

Labhairt leis an dalta	<input type="checkbox"/>	_____
Míniú ar cad a dhein sí mí cheart	<input type="checkbox"/>	_____
Comhairle tugtha ar conas a hiompar a fheabhsú	<input type="checkbox"/>	_____
Teasc tugtha don dalta	<input type="checkbox"/>	_____

Labhairt leis an dalta

1	Dáta	_____	Síniú	_____
2	Dáta	_____	Síniú	_____
3	Dáta	_____	Síniú	_____
4	Dáta	_____	Síniú	_____

Conradh Dalta

Táimse _____ sásta na rudaí seo a leanas a dhéanamh tar éis comhairle a ghlacadh ón bPríomhoide & an Bainisteoir

➤ **Bheith ullamh i gceart do gach rang.**

Cinntoidh mé an oíche roimh ré go bhfuil mo leabhar, coip leabhair agus trealamh cuí agam i mo mhála scoile.

➤ Tabharfaidh mé aire sa rang.

Ní bheidh mé ag caint, ag pleidhcíocht ná ag cur isteach ar obair an ranga.

➤ Cuirfidh mé mo lámh suas, cuirfidh mé ceisteanna cuí agus glacfaidh mé páirt ghníomhach sa rang

➤ Déanfaidh mé m'obair bhaile go cúramach, scríobhfaidh mé síos i mo dhialann é agus déanfaidh mé athdhéanamh gach oíche chun ullmhú don Teastas Sóisearach

➤ Smaoineoidh mé sula ndéanfaidh mé rud áiféiseach

➤ Coimeádfaidh mé m'áit glan

Céard is gá domsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar.....

Beidh an conradh le síniú ag gach múinteoir ag deireadh gach aon rang ar feadh trí seachtaine

Síniú an dalta _____

Dáta _____

Seachtain 1: Ainm an dalta:

Dáta:

		Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
		1: Feabhas ag teastáil	2. Breis oibre ag teastáil	3.Sásúil	4.Go maith	5. Ana mhaith
2	09.00-09.40					
3	09.40-10.20					
4	10.20-11.00					
5	11.00-11.10	Sos	Sos	Sos	Sos	Sos
6	11.10-11.50					
7	11.50-12.30					
8	12.30-01.00					
9	01.00-01.30	Lón	Lón	Lón	Lón	Lón
10	01.30-02.00					
11	02.00 – 02.40					
12	02.40 – 03.20					
13	03.20 – 04.00					
Múinteoir Ranga		Dáta:				

Seachtain 2: Ainm an dalta:

Dáta:

		Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
		1: Feabhas ag teastáil	2. Breis oibre ag teastáil	3.Sásúil	4.Go maith	5. Ana mhaith
2	09.00-09.40					
3	09.40-10.20					
4	10.20-11.00					
5	11.00-11.10	Sos	Sos	Sos	Sos	Sos
6	11.10-11.50					
7	11.50-12.30					
8	12.30-01.00					
9	01.00-01.30	Lón	Lón	Lón	Lón	Lón
10	01.30-02.00					
11	02.00 – 02.40					
12	02.40 – 03.20					
13	03.20 – 04.00					
Múinteoir Ranga		Dáta:				

Seachtain 3: Ainm an dalta:**Dáta:**

		Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
		1: Feabhas ag teastáil	2. Breis oibre ag teastáil	3.Sásúil	4.Go maith	5. Ana mhaith
2	09.00-09.40					
3	09.40-10.20					
4	10.20-11.00					
5	11.00-11.10	Sos	Sos	Sos	Sos	Sos
6	11.10-11.50					
7	11.50-12.30					
8	12.30-01.00					
9	01.00-01.30	Lón	Lón	Lón	Lón	Lón
10	01.30-02.00					
11	02.00 – 02.40					
12	02.40 – 03.20					
13	03.20 – 04.00					
Coiste Smachta:		Dáta:				

Cárta Tuairisc

Ainm _____

Dáta ____/____/____

Déanach _____

Séipéal _____

Suanliosáí _____

In airde Staighre (eile) _____

Staidéar _____

Seomra an Bhídh _____

Halla Muire _____

Pasáistí/Seomraí Ranga _____

Éide Scoile _____

Polasaí Fón Póca _____

Mímhúinte _____

Diúltú glacadh le treoracha _____

Eile

Síniú an Fheitheora _____

Seachtain 1: Ainm: _____

Dáta: __/__/__

	Dé Luain	Dé Mairt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
07.00-09.00							
4.00 - 7.00							
7.00-9.00							
9.00-10.00							
1 Gá le feabhas, 2 Sásúil, 3: Go maith, 4: Ana mhaith 5 Sár mhaith							

Seachtain 2: Ainm: _____

Dáta: __/__/__

	Dé Luain	Dé Mairt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
07.00-09.00							
4.00 - 7.00							
7.00-9.00							
9.00-10.00							
1 Gá le feabhas, 2 Sásúil, 3: Go maith, 4: Ana mhaith 5 Sár mhaith							

Seachtain 3: Ainm: _____

Dáta: __/__/__

	Dé Luain	Dé Mairt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
07.00-09.00							
4.00 - 7.00							
7.00-9.00							
9.00-10.00							
1 Gá le feabhas, 2 Sásúil, 3: Go maith, 4: Ana mhaith 5 Sár mhaith							